

Scéim Uisce an Chnoic/na Minna

Áchoimre ó Ghearóid de Laoite

Is iomaí bliain ó shin anois ó thosaigh Coiste Chomharchumann Shailearna Teo. ag iarraidh feabhas a chur ar sholáthar uisce an cheantair. Is iomaí teacht le chéile a bhí i gceist agus is mó ná sin litreacha a scríobhadh agus iad ar a míle dícheall ag iarraidh soláthar glan sásúil uisce a chur ar fáil do phobal Chois Fharraige.

Ní mórán tairbhe a bhí ag an gCoiste de bharr a gcuid iarrachtaí go leor den am, mar go bunúsach bhí tacaíocht an Chomhairle Condae ag teastáil sula mbeadh An Roinn Comhshaoil sásta feabhsú a airgeadú. Ní tacaíocht airgid a bhí ag teastáil ón gComhairle Condae ach tacaíocht i bpronsabail mar, gan an tacaíocht seo ní fhéadfadh an Roinn Comhshaoil aon rud a dhéanamh dúinn.

Ba é an t-easpa tacaíochta seo a chur moill deich mbliana ar fhorbairt bhunúach sa gceantar seo. I 1996 ba é an scéala a bhí á fháil ag an gComharchumann ná go raibh na dociméidí a bhain leis an scéim seo á gcur ar aghaidh chuig an Aontas Eorpach le airgeadú in éindí le beart mór eile iarratais.

Dá bhrí sin sa'n freagra a bhí le fáil againn an uair seo, nuair a d'ardófaí an cheist sa Dáil nó sa gComhairle Condae, ná go rabhtas ag fanacht le cinneadh ón Eoraip. Níor

thug an Coiste suas a gcás mar sin féin, lean siad ar aghaidh lena gcuid fiosrúcháin agus fuair siad amach ó oifigeach sinsearach sa gCoimisiún san Eoraip gur drochsheans a bhí ag scéim uisce an Chnoic/Minna airgead a fháil ón Eoraip.

Ansinn díródh arís ar an Roinn Comhshaoil agus ar an Aire Brendan Howlin a bhí in oifig agus cuireadh an scéim ar ais ar an gclár oibre. Ní fada go raibh olltoghchán fógartha. Thapaigh CST agus pobal Chois Fharraige an deis ag an am seo

chun aird a dhíriú ar a bhfeachtas agus ar deireadh thiar d'éirigh linn. Tugadh treoir do Chomhairle Condae na Gaillimhe tairiscintí a lorg. B'iad comhlacht Coffey a fuair an conradh agus rinne siad éacht ina gcuid oibre. Thug an Comharchumann gach comhoibriú do chomhlacht Coffey agus iad ag dul i mbun oibre, rud a chinntigh nach raibh aon a bhriseadh sa seanchóras cés moite de chorrcheann a bhí deacair a sheachaint. Chosain an obair a rinne siad £3.3 milliún.

COSTAS BREISE

Ag an am céanna chaith an Comharchumann £302,000 chun athghrádú a dhéanamh ar an scéim chomh maith. Fuarthas an t-airgead sin ó chúlchistí an Chomharchumann (a bhí bailithe ón gerannchur a reachtáileadh fadó) agus meascán de dheontais ón Roinn Comhshaoil agus ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán.

Tá an scéim nua faoi lán tseoil anois. Buíochas le Dia. Tá roinnt fadhbanna leis na seanphróipáí atá fós ar an scéim ach de réir a chéile tá suil againn go bhfaighfear an ceann is fearr ar na fadhbanna seo uilig. Tá Coiste Bainistíochta CST thar a bheith buíoch do gach duine agus do gach eagraíocht a bhí páirteach linn agus muid ag plé na ceiste seo. Tá moladh mór ag dul do phobal Chois Fharraige a bhí foighideach ar feadh na mblianta fada agus a thug tacaíocht dúinn nuair a bhí sé ag teastáil.

SIOPA AN PHOBAIL

Tá forbairt an-mhór déanta ar Shiopa an Phobail in Indreabhán i gConamara le tamall anuas. Cuireadh 7,000 troigh cearnach de mhéadú ar an sean siopa atá faoi úinéireacht Mhairéid agus Sheáin Uí Fhoighil le 15 bliain. Tá 13,000 troigh cearnach sa siopa anois, athchóirithe ó bhun ar chostas milliún punt. Fágann sin Siopa an Phobail ar an siopa Centra is mó sa tír, tá 15 dhuine fostaithe ann go lánaimsearach agus 30 eile ag obair ann go páirtaimsearach.

Athosclaíodh Siopa an Phobail, Déardaoin, 12ú Samhain ag 11.00 r.n. Tá sé ar an gcaighdeán fearais is airde dá bhfuil le fáil agus raon iomlán earraí bia, dí agus eile ar fáil ann. Bhí an-lá ag na gasúir ar lá na hOscailte, a dúirt úinéirí an tsiopa, Mairéad agus Seán Ó Foighil. Bhí fear grinn ar an láthair an lá sin agus de réir tuairiscí, bhí an siopa plódaithe i gcathreamh an lae. Go maire sibh a nuaíocht!

Mairéad & Seán Ó Foighil, úinéirí Shiopa an Phobail, agus athair Sheáin, Pól Ó Foighil ag athoscailt an tsiopa, in Indreabhán.

